



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022  
(OR. en)

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2022/0343(NLE)

---

14248/22  
ADD 2

PECHE 426

## TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 559 final - ANNEXES 2 to 10
Ábhar:	IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 559 final - ANNEXES 2 to 10.

---

Faoi iamh: COM(2022) 559 final - ANNEXES 2 to 10



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2022  
COM(2022) 559 final

ANNEXES 2 to 10

## IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle**

**lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige**

## **IARSCRÍBHINN II**

### IARRACHT IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA I gCOMHTHÉACS BHAINISTÍOCHT NA STOC SÓL I MUIR nIOCHT THJAR I ROINN 7e ICES

## **Caibidil I Forálacha ginearálta**

### 1. RAON FEIDHME

- 1.1. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 10 méadar nó níos mó ar a bhfad iomlán agus a bhfuil an méid seo a leanas á n-iompar ar bord acu nó á n-implonú acu: tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid agus líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná sin a mogallmhéid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/472, agus atá i láthair i roinn 7e ICES.
- 1.2. Soithí a iascann le líonta éighníomhacha ar cothrom le 120 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid agus a bhfuil cuntais teiste acu is lú ná 300 kg beomheáchan sól in aghaidh na bliana le linn na 3 bliana roimhe sin, de réir a dtaifead iascaireachta, díolmhófar na soithí sin ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
  - (a) is lú ná 300 kg beomheáchan sól a ghabh na soithí sin le linn thréimhse bhainistíochta 2020;
  - (b) ní dhéanann na soithí sin trasloingsiú ar aon iasc ar muir chuig soitheach eile;
  - (c) faoin 31 Iúil 2023 agus faoin 31 Eanáir 2024, tabharfaidh gach Ballstát lena mbaineann tuarascáil don Choimisiún maidir le taifid na soithí sin ar ghabhálacha sól sna 3 bliana roimhe sin agus ar ghabhálacha sól in 2022.

I gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha sin, scoirfidh na soithí lena mbaineann de bheith díolmhaithe ó chur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo, le héifeacht láithreach.

### 2. SAINMHÍNITHE

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘grúpáil trealaimh’ an ghrúpáil ina bhfuil an dá chatagóir trealaimh seo a leanas:
  - (i) tráil bhíoma ar cothrom le 80 mm nó ar mó ná sin a mogallmhéid; agus
  - (ii) líonta éighníomhacha, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh, traimlí agus líonta fostúcháin, ar cothrom le 220 mm nó ar lú ná sin a mogallmhéid;
- (b) ciallaíonn ‘trealamh rialáilte’ aon cheann den dá chatagóir trealaimh ar leis an ngrúpáil trealaimh iad;
- (c) ciallaíonn ‘an limistéar’ roinn 7e ICES;
- (d) ciallaíonn ‘tréimhse reatha bhainistíochta’ an tréimhse ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024.

### 3. SRIAN AR GHNÍOMHAÍOCHT

Gan dochar d'Airteagal 29 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh gach Ballstát maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a mbeidh a bhratach ar foluain acu agus a bheidh cláraithe san Aontas, i gcás trealamh rialáilte a bheith á iompar ar bord acu, nach bhfuil na soithí sin laistigh den limistéar níos mó ná an líon laethanta a leagtar amach i gCaibidil III den Iarscríbhinn seo.

## Caibidil II Údaruithe

### 4. SOITHÍ IASCAIREACHTA ÚDARAITHE

- 4.1 Ní údaróidh Ballstát iascaireacht le trealamh rialáilte sa limistéar arna déanamh ag aon soitheach a mbeidh a bhratach ar foluain aici nach mbeidh aon taifead aici ar ghníomhaíocht iascaireachta den sórt sin sa limistéar le linn na tréimhse ó 2002 go 2018, cé is moite de thaifead na ngníomhaíochtaí iascaireachta a d'eascair as aistriú laethanta idir soithí iascaireachta, mura n-áiritheoidh an Ballstát go gcoiscfear ar an acmhainneacht choibhéiseach, arna tomhas ina cileavatanna, iascaireacht a dhéanamh sa limistéar.
- 4.2 Mar sin féin, soitheach a mbeidh cuntas teiste aici maidir le trealamh rialáilte a úsáid, féadfar í a údarú le trealamh iascaireachta eile a úsáid, ar choinníoll gur cothrom an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealamh iascaireachta eile leis an líon laethanta arna chionroinnt i leith an trealamh rialáilte nó gur mó ná sin é.
- 4.3 I gcás soitheach a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain aici nach mbeidh aon chuóta aici sa limistéar, ní údarófar í le hiascaireacht a dhéanamh le trealamh rialáilte sa limistéar mura gcionroinnfear cuóta ar an soitheach tar éis aistriú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus mura gcionroinnfear laethanta ar muir uirthi i gcomhréir le pointí 10 nó 11 den Iarscríbhinn seo.

## Caibidil III

### Líon na laethanta laistigh den limistéar a chionroinntear ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais

### 5. AN LÍON UASTA LAETHANTA

Leagtar amach i dTábla I an líon uasta laethanta ar muir le linn na tréimhse reatha bainistíochta a fhéadfaidh Ballstát a údarú do shoitheach, a mbeidh a bhratach ar foluain aici, a bheith laistigh den limistéar agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici.

Tábla I

An líon uasta laethanta a fhéadfaidh soitheach a bheith laistigh den limistéar de réir chatagóir an trealamh rialáilte le linn na tréimhse reatha bainistíochta

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
Tráil bhíoma a bhfuil $\geq 80$ mm ina mogallmhéid	An Bheilg	pm
	An Fhrainc	pm
Líonta éighníomhacha a bhfuil $\leq 220$ mm ina mogallmhéid	An Bheilg	pm

Trealamh rialáilte	An líon uasta laethanta	
	An Fhrainc	pm

## 6. CÓRAS CILEAVAT-LAE

- 6.1. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát a chionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Tríd an gcóras sin, féadfaidh an Ballstát aon soitheach iascaireachta a mbaineann aon trealamh rialáilte a leagtar amach i dTábla I léi a údarú le bheith laistigh den limistéar ar feadh líon uasta laethanta nach ionann agus an líon laethanta a leagtar amach sa Tábla sin, ar choinníoll go n-urramaítear iomlán na gcileavat-laethanta a chomhfhreagraíonn don trealamh rialáilte.
- 6.2. Is é méid foriomlán na gcileavat-laethanta sin suim gach iarrachta iascaireachta aonair a chionroinnfear ar na soithí iascaireachta sin a mbeidh bratach an Bhallstáit lena mbaineann ar foluain acu agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealamh rialáilte. Beidh iarrachtaí iascaireachta aonair den sórt sin á ríomh ina gcileavat-laethanta trí chumhacht innill gach soithigh iascaireachta a iolrú faoin líon laethanta ar muir as a mbainfeadh sí tairbhe, de réir Thábla I, dá mba rud é nach gcuirfí pointe 6.1 i bhfeidhm.
- 6.3. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1, cuirfidh an Ballstát sin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, le haghaidh an trealamh rialáilte a leagtar amach i dTábla I, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh sonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- (a) liosta de na soithí atá údaraithe le bheith ag iascaireacht agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu;
  - (b) an líon laethanta ar muir a n-údarófaí gach soitheach iascaireachta i dtús báire le hiascaireacht a dhéanamh de réir Thábla I agus an líon laethanta ar muir a mbainfeadh gach soitheach iascaireachta tairbhe as i gcur i bhfeidhm phointe 6.1.
- 6.4. Ar bhonn an iarratais sin, measfaidh an Coimisiún cé acu an mbeidh nó nach mbeidh na coinníollacha dá dtagraítear sa phointe 6 seo á gcomhlíonadh agus, i gcás ina mbeidh, féadfaidh sé an Ballstát lena mbaineann a údarú le leas a bhaint as an gcóras dá dtagraítear i bpointe 6.1.

## 7. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE hAGHAIDH SCOR BUAN GNÍOMHAÍOCHTAÍ IASCAIREACHTA

- 7.1. Féadfaidh an Coimisiún líon breise laethanta ar muir a bhféadfaidh Ballstát brataí soitheach iascaireachta dá chuid a údarú le bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aige a chionroinnt ar Bhallstát ar bhonn scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a rinneadh le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1</sup> nó le Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle<sup>2</sup>. Féadfaidh an Coimisiún scor buan a eascróidh as imthosca ar bith eile a mheas ar bhonn cás ar chás, tar

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006, (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch 1).

<sup>2</sup> Rialachán (CE) Uimh. 744/2008 ón gComhairle an 24 Iúil 2008 lena dtionscnaítear gníomhaíocht shonrach shealadach arb é is aidhm di athstruchtúrú chabhlaigh iascaireachta an Chomhphobail Eorpaigh, a bhfuil difear déanta ag an géarchéim eacnamaíoch dóibh, a chur chun cinn (IO L 202, 31.7.2008, lch. 1).

éis iarratas cuí-réasúnaithe i scríbhinn a fháil ón mBallstát lena mbaineann. In iarratas den sórt sin, sainaithneofar na soithí iascaireachta lena mbaineann agus dearbhófar, i gcás gach soithigh acu, nach bhfillfidh siad ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh choíche.

- 7.2. An iarracht in 2003 arna tomhas ina cileavata-laethanta a rinne na soithí aistarraingthe iascaireachta a raibh grúpáil trealaimh ar leith á húsáid acu, déanfar í a roinnt ar an iarracht a rinne gach soitheach iascaireachta in 2003 agus an ghrúpáil trealaimh sin á húsáid acu. Déanfar líon breise na laethanta ar muir a ríomh tríd an gcóimheas a gheofar ar an gcaoi sin a iolrú faoin líon laethanta a chionroinnfí de réir Thábla I. Déanfar aon chuid de lá a thiocfadh as an ríomh sin a shlánú go dtí an lá iomlán is gaire.
- 7.3. Ní bheidh feidhm ag pointí 7.1 agus 7.2 i gcás ina ndearnadh soitheach iascaireachta a ionadú i gcomhréir le pointe 4.2, nó i gcás inar baineadh úsáid as an tarraingt siar sin cheana féin sna blianta roimhe sin chun laethanta breise ar muir a fháil.
- 7.4. I gcás Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 7.1 cuirfidh sé iarratas faoi bhráid an Choimisiúin, faoin 15 Meitheamh 2023, maille le tuarascálacha i bhformáid leictreonach ina mbeidh, i gcás na grúpála trealaimh mar a leagtar amach í i dTábla I, mionsonraí an ríomha sin a bheidh bunaithe ar an méid seo a leanas:
- (a) liosta de na soithí iascaireachta aistarraingthe agus a n-uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) agus cumhacht an innill atá acu;
  - (b) an ghníomhaíocht iascaireachta a rinne na soithí iascaireachta sin in 2003 arna ríomh ina laethanta ar muir de réir ghrúpáil an trealamh iascaireachta.
- 7.5. Le linn na tréimhse reatha bainistíochta, féadfaidh Ballstát aon lá breise ar muir a dheonófar a ath-chionroinnt ar na soithí iascaireachta uile nó ar chuid de na soithí iascaireachta a bheidh fágtha ina chabhlach agus a bheidh incháilithe le haghaidh an trealamh rialáilte.
- 7.6. Nuair a chionroinnfidh an Coimisiún laethanta breise ar muir i ngeall ar scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta le linn na tréimhse bainistíochta roimhe sin, déanfar an líon uasta laethanta in aghaidh an Bhallstáit agus an trealamh a leagtar amach i dTábla I a choigeartú dá réir sin le haghaidh na tréimhse reatha bainistíochta.
8. LAETHANTA BREISE A CHIONROINNT LE HAGHAIDH CLÚDACH BREATHNÓRA EOLAÍOCH FEABHSAITHE
- 8.1. Féadfaidh an Coimisiún 3 lá breise a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici a chionroinnt idir an 1 Feabhra 2023 agus an 31 Eanáir 2024 ar Bhallstát ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch i gcomhpháirt le heolaithe agus le tionscal na hiascaireachta. Díreofar i gclár den sórt sin, go háirithe, ar leibhéil aischuir agus ar chomhdhéanamh gabhála agus rachaidh sé thar na ceanglais maidir le bailiú sonraí, a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup> agus ina rialacha cur chun feidhme a bhaineann le cláir náisiúnta.
- 8.2. Beidh breathnóirí eolaíocha neamhspleách ar an úinéir, ar mháistir an tsoithigh iascaireachta agus ar aon chomhalta den chriú.

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíochta a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.6.2017, lch. 1).

- 8.3. Déanfaidh Ballstát ar mian leis leas a bhaint as na cionrannta dá dtagraítear i bpointe 8.1 tuairisc faoina chlár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena fhorghnas.
- 8.4. Más rud é go ndearna an Coimisiún clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch arna thíolacadh ag Ballstát a fhorghnas roimhe seo, agus gur mian leis an mBallstát lena mbaineann go leanfar den chlár sin a chur i bhfeidhm gan aon athrú, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún go leanfar den chlár sin 4 seachtaine roimh thús na tréimhse lena mbaineann an clár.

## **Caibidil IV Bainistíocht**

### 9. OIBLEAGÁID GHINEARÁLTA

Déanfaidh na Ballstáit an uasiarracht iascaireachta incheadaithe a bhainistiú i gcomhréir le hAirteagail 26 go 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

### 10. TRÉIMHSÍ BAINISTÍOCHTA

- 10.1. Féadfaidh Ballstát na laethanta laistigh den limistéar a leagtar amach i dTábla I a roinnt ina dtréimhsí bainistíochta a mhairfidh mí féilire amháin nó níos mó.
- 10.2. Is é an Ballstát lena mbaineann a shocróidh an líon laethanta nó uaireanta an chloig a fhéadfaidh soitheach iascaireachta a bheith laistigh den limistéar le linn tréimhse bhainistíochta.
- 10.3. Más de réir uaireanta an chloig a údaróidh Ballstát do shoithí iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain acu a bheith laistigh den limistéar, leanfaidh an Ballstát de chaitheamh na laethanta a thomhas mar a shonraítear i bpointe 9. Arna iarraidh sin don Choimisiún, léireoidh an Ballstát lena mbaineann go ndearna sé bearta réamhchúraim chun róchaitheamh laethanta laistigh den limistéar toisc go ndearna soitheach iascaireachta a láithreach sa limistéar a fhoirceannadh sula raibh deireadh le tréimhse 24 uair an chloig a sheachaint.

## **Caibidil V Cionrannta iarrachta iascaireachta a mhalartú**

### 11. LAETHANTA A AISTRÍÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A bhFUIL BRATACH BHALLSTÁIT AR FOLUAIN ACU

- 11.1. Féadfaidh Ballstát cead a thabhairt d'aon soitheach iascaireachta a mbeidh a bhratach ar foluain aici laethanta laistigh den limistéar a mbeidh údarú faighte aici ina leith a aistriú chuig soitheach iascaireachta eile a mbeidh bratach an Bhallstáit sin ar foluain aici laistigh den limistéar sin, ar choinníoll gur lú toradh líon na laethanta a fuair soitheach iascaireachta agus cumhacht an innill ina cileavatanna (cileavat-laethanta) ná toradh líon na laethanta a d'aistrigh an soitheach deontóra iascaireachta agus cumhacht a hinnill ina cileavatanna, nó gur cothrom lena chéile iad. Is é cumhacht innill na soithí iascaireachta ina cileavatanna an chumhacht sin a thairfeadfar i gcás gach soithigh atá i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais.
- 11.2. Ní bheidh an líon iomlán laethanta laistigh den limistéar a aistrefar i gcomhréir le pointe 11.1, arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta deontóra ina cileavatanna, níos airde ná meánlíon bliantúil laethanta chuntas teiste an tsoithigh iascaireachta deontóra sa limistéar mar a fhóirítear leis an logleabhar iascaireachta sna blianta 2001, 2002, 2003,

2004 agus 2005 arna iolrú faoi chumhacht innill an tsoithigh iascaireachta sin ina cileavatanna.

- 11.3. Ceadófar an t-aistriú laethanta i gcomhréir le pointe 11.1 idir soithí iascaireachta a oibreoidh le haon trealamh rialáilte agus le linn na tréimhse céanna bainistíochta.
- 11.4. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil maidir leis na haistrithe a rinneadh. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear formáidí scarbhileoige chun an fhaisnéis sin a bhailiú agus a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57(2) den Rialachán seo.

## 12. LAETHANTA A AISTRIÚ IDIR SOITHÍ IASCAIREACHTA A bhFUIL BRATACH BALLSTÁT ÉAGSÚIL AR FOLUAIN ACU

Féadfaidh na Ballstáit aistriú laethanta laistigh den limistéar le haghaidh na tréimhse céanna bainistíochta agus laistigh den limistéar idir aon soithí iascaireachta a mbeidh a mbratach ar foluain acu a cheadú ar choinníoll go mbeidh feidhm ag pointí 4.1, 4.3, 5, 6 agus 10. I gcás ina gcinnfidh Ballstáit aistriú den sórt sin a údarú, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún, sula ndéanfar an t-aistriú, faoi shonraí an aistrithe, lena n-áirítear an líon laethanta atá le haistriú, an iarracht iascaireachta agus, i gcás inarb infheidhme, na cuótaí iascaireachta lena mbaineann.

## **Caibidil VI** **Oibleagáidí maidir le tuairisciú**

### 13. TUARASCÁIL AR IARRACHTAÍ IASCAIREACHTA

Beidh feidhm ag Airteagal 28 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le soithí a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhíne seo. Tuigfear gurb é an limistéar geografach dá dtagraítear san Airteagal sin an limistéar a shainítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn seo.

### 14. SONRAÍ ÁBHARTHA A BHAILIÚ

Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhailiú gach ráithe maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta a úsáideann trealamh tarraingthe agus gléas iascaireachta éighníomhach, an iarracht, laistigh den limistéar, a rinne soithí iascaireachta agus cineálacha éagsúla trealaimh á n-úsáid acu, agus cumhacht innill na soithí iascaireachta sin ina laethanta cileavata, ar bhonn na faisnéise a úsáidfear chun laethanta iascaireachta laistigh den limistéar a bhainistiú mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

### 15. SONRAÍ ÁBHARTHA A CHUR IN IÚL

Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit scarbhileog ar fáil don Choimisiún ar a mbeidh sonraí a shonraítear i bpointe 14 san fhormáid a shonraítear i dTáblaí II agus III tríd an scarbhileog sin a sheoladh chuig an seoladh bosca ríomhphoist iomchuí, a chuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don Choimisiún, faisnéis mhionsonraithe a chur chuig an gCoimisiún maidir leis an iarracht a cionroinneadh agus an iarracht a caitheadh lena gcumhdófar tréimhsí bainistíochta uile 2021 agus 2022 nó codanna díobh, agus úsáid á baint as an bhformáid sonraí a shonraítear i dTáblaí IV agus V.

Tábla II

Formáid an tuairiscithe i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

An Ballstát	Trealamh	Tréimhse bhainistíochta	Dearbhú iarrachta carnaí
(1)	(2)	(3)	(4)

Tábla III

Formáid na sonraí i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le kW-lá de réir tréimhse bhainistíochta

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú <sup>(1)</sup> C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) Trealamh	2		Ceann de na cineálacha trealamh seo a leanas: BT = tráil bhíoma $\geq 80$ mm GN = eangach gheolbhaigh $< 220$ mm TN = traimil nó líon fostúcháin $< 220$ mm
(3) Tréimhse bhainistíochta	4		Bliain amháin sa tréimhse ó thréimhse bhainistíochta 2006 go dtí an tréimhse reatha bhainistíochta
(4) Dearbhú iarrachta carnaí	7	D	Méid carnach na hiarrachta iascaireachta arna shloinneadh ina chileavat-laethanta a imscaradh ón 1 Feabhra go dtí an 31 Eanáir den tréimhse bhainistíochta ábhartha
(1) Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.			

Tábla IV

Formáid an tuairiscithe le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

An Ballstát	CFR	Marcáil sheachtrach	Fad na tréimhse bainistíochta	Trealamh faoinar tugadh fógra				Laethanta incháilithe chun an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra a úsáid				Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra				Laethanta a aistriú
				Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	Uimh. 1	Uimh. 2	Uimh. 3	...	
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(5)	(5)	(5)	(6)	(6)	(6)	(6)	(7)	(7)	(7)	(7)	(8)

Tábla V

Formáid sonraí le haghaidh faisnéis a bhaineann le soithí

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú <sup>(1)</sup> C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(1) An Ballstát	3		An Ballstát (cód Alpha-3 ISO) ina bhfuil an soitheach cláraithe
(2) CFR	12		Uimhir i gclár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (CFR) Uimhir aitheantais uathúil soithigh iascaireachta An Ballstát (cód ISO Alpha-3) fara sraith shainaitheantais (naoi gcarachtar) ina dhiaidh. I gcás ina mbeidh níos lú ná naoi gcarachtar sa tsraith, cuirfear nialais bhreise isteach ar thaobh na láimhe clé
(3) Marcáil sheachtrach	14	C	Faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún <sup>4</sup>
(4) Fad na tréimhse bainistíochta	2	C	Fad na tréimhse bainistíochta arna thomhas ina mhíonna

<sup>4</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

Ainm an réimse	An líon uasta carachtar/digití	Ailíniú <sup>(1)</sup> C(lé)/D(eas)	Sainmhíniú agus tuairimí
(5) Trealamh faoinar tugadh fógra	2	C	Ceann de na cineálacha trealaimh seo a leanas: BT = tráil bhíoma $\geq 80$ mm GN = eangach gheolbhaigh $< 220$ mm TN = traimitil nó líon fostúcháin $< 220$ mm
(6) Coinníoll speisialta a bhaineann leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta dá bhfuil an soitheach incháilithe faoi Iarscríbhinn II le haghaidh an trealaimh agus fhad na tréimhse bainistíochta faoinar tugadh fógra ina leith
(7) Laethanta a caitheadh leis an trealamh (na trealaimh) faoinar tugadh fógra	3	C	An líon laethanta a chaith an soitheach go hiarbhír laistigh den limistéar agus úsáid á baint as trealamh a chomhfhreagraíonn do threalamh faoinar tugadh fógra le linn na tréimhse bainistíochta faoinar tugadh fógra ina leith
(8) Laethanta a aistriú	4	C	I gcás laethanta a aistríodh, cuirtear in iúl ‘– an líon laethanta a aistríodh’ agus i gcás laethanta a fuarthas cuirtear in iúl ‘+ an líon laethanta a aistríodh’
<sup>(1)</sup> Faisnéis atá ábhartha maidir le sonraí a tharchur trí fhormáidiú aonfhaid.			

### IARSCRÍBHINN III


#### LIMISTÉIR BHAINISTÍOCHTA LE hAGHAIDH SPÉIRLINTÍ I RANNA 2a AGUS 3a ICES AGUS I bhFOLIMISTÉAR 4 ICES

Chun críocha bhainistíocht na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh spéirlintí i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a shocraítear in Iarscríbhinn IA, déantar na limistéir bhainistíochta ina bhfuil feidhm ag teorainneacha gabhála sonracha mar a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus san Fhoscríbhinn a ghabhann léi a shainiú:

Limistéar bainistíochta le haghaidh spéirlintí	Dronuilleoga staidrimh ICES
1r	31–33 E9–F4; 33 F5; 34–37 E9–F6; 38–40 F0–F5; 41 F4–F5
2r	35 F7–F8; 36 F7–F9; 37 F7–F8; 38–41 F6–F8; 42 F6–F9; 43 F7–F9; 44 F9–G0; 45 G0–G1; 46 G1
3r	41–46 F1–F3; 42–46 F4–F5; 43–46 F6; 44–46 F7–F8; 45–46 F9; 46–47 G0; 47 G1 agus 48 G0
4	38–40 E7–E9 agus 41–46 E6–F0
5r	47–52 F1–F5
6	41–43 G0–G3; 44 G1
7r	47–52 E6–F0

## Foscibhinn

Limistéir bhainistíochta le haghaidh spéirlintí



]

## IIARSCRÍBHINN IV

### TRÉIMHSÍ COISCTHE SÉASÚRACHA CHUN TROISC SCEITE A CHOSAINT

Beidh cosc ar iascach sna limistéir a leagtar amach sa tábla thíos le haghaidh gach trealamh, seachas trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil), le linn na tréimhse sainaitheanta:

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse	Nótaí breise
1	Meá Stanhope	60° 10' T - 01° 45' O 60° 10' T - 02° 00' O 60° 25' T - 01° 45' O 60° 25' T - 02° 00' O	An 1 Eanáir go dtí an 30 Aibreán	
2	Long Hole	59° 07,35' T - 0° 31,04' I 59° 03,60' T - 0° 22,25' I 58° 59,35' T - 0° 17,85' I 58° 56,00' T - 0° 11,01' I 58° 56,60' T - 0° 08,85' I 58° 59,86' T - 0° 15,65' I 59° 03,50' T - 0° 20,00' I 59° 08,15' T - 0° 29,07' I	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	
3	Coral edge	58° 51,70' T - 03° 26,70' O 58° 40,66' T - 03° 34,60' O 58° 24,00' T - 03° 12,40' O 58° 24,00' T - 02° 55,00' O 58° 35,65' T - 02° 56,30' O	An 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra	
4	Papa Bank	59° 56' T - 03° 08' O 59° 56' T - 02° 45' O 59° 35' T - 03° 15' O 59° 35' T - 03° 35' O	Ón 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
5	Foula Deeps	60° 17,50' T - 01° 45' O 60° 11,00' T - 01° 45' O 60° 11,00' T - 02° 10' O 60° 20,00' T - 02° 00' O 60° 20,00' T - 01° 50' O	An 1 Samhain go dtí an 31 Nollaig	

Tréimhsí teoranta coiscthe				
Uimh.	Ainm an limistéir	Comhordanáidí	Tréimhse	Nótaí breise
6	Egersund Bank	58° 07,40' T - 04° 33,00' O 57° 53,00' T - 05° 12,00' O 57° 40,00' T - 05° 10,90' O 57° 57,90' T - 04° 31,90' O	An 1 Eanáir go dtí an 31 Márta	(10 muirmhíle × 25 mhuirmhíle)
7	Lastoir d'Oileán na gCaorach	59° 40' T - 01° 23' O 59° 40' T - 01° 13' O 59° 30' T - 01° 20' O 59° 10' T - 01° 20' O 59° 30' T - 01° 28' O 59° 10' T - 01° 28' O	An 1 Eanáir go dtí an 15 Márta	
8	An Bruach Thiar	57° 15' T - 05° 01' O 56° 56' T - 05° 00' O 56° 56' T - 06° 20' O 57° 15' T - 06° 20' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	(18 muirmhíle × 4 mhuirmhíle)
9	Revet	57° 28,43' T - 08° 05,66' O 57° 27,44' T - 08° 07,20' O 57° 51,77' T - 09° 26,33' O 57° 52,88' T - 09° 25,00' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	(1,5 muirmhíle × 49 muirmhíle)
10	Rabarberen	57° 47,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 04,00' O 57° 43,00' T - 11° 09,00' O 57° 47,00' T - 11° 09,00' O	An 1 Feabhra go dtí an 15 Márta	Lastoir de Skagen (2,7 muirmhíle × 4 mhuirmhíle)

]

**IARSCRÍBHINN V**

**ÚDARUITHE IASCAIREACHTA**

**CUID A**

**AN LÍON UASTA LAETHANTA IASCAIREACHTA**

**LE hAGHAIDH SOITHÍ IASCAIREACHTA AN AONTAIS A DHÉANFAIDH IASCAIREACHT IN UISCÍ TRÍÚ TÍR**

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Uiscí na hIorua agus an limistéar iascaireachta timpeall Jan Mayen	An scadán, lastuaidh de 62° 00' T	pm	DK	pm	pm
			DE	pm	
			FR	pm	
			IE	pm	
			NL	pm	
			PL	pm	
			SE	pm	
	Speicis ghrinnill, lastuaidh de 62° 00' T	pm	DE	pm	pm
			IE	pm	
			ES	pm	
			FR	pm	
			PT	pm	
			Neamh-chionroinnte	pm	

Limistéar iascaireachta	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	Údaruithe iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát		An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
	Speicis thionsclaíocha, laisteas de 62° 00' T	pm	DK	pm	pm
uiscí Svalbard; uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2b <sup>(1)</sup>	Iascach le haghaidh portáin sneachta le potaí	pm	EE	pm	Neamhbhainteach
			ES	pm	
			LV	pm	
			LT	pm	
			PL	pm	
<sup>(1)</sup> Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas i limistéar Spitzbergen agus Oileán na mBéar gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as Conradh Pháras 1920.					

CUID B

AN LÍON UASTA LAETHANTA IASCAIREACHTA  
LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

An Stát brataí	Iascach	An líon údaruithe iascaireachta	An líon uasta soithí a bheidh ann am ar bith
Veiniséala <sup>(1)(2)</sup>	An sclamhaire (uiscí Ghuáin na Fraince)	pm	pm
